COMHAIRLE CATHRACH & CONTAE PHORT LÁIRGE

AN tACHT UM PLEANÁIL & FORBAIRT 2000 (mar atá leasaithe)

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Rannóg Pleanála,
Foirgneamh *Menapia*,
An Meal,
Port Láirge.

Fón: 0761102020 Faics: 0761 099701
R-phost: planning@waterfordcouncil.ie

TABHAIR AN MÉID SEO A LEANAS FAOI DEARA SULA gCOMHLÁNAÍTEAR AN FHOIRM SEO:

FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA

Cinntigh le do thoil go gcomhlánófar gach cuid den fhoirm iarratais seo go hiomlán agus go síneofar í. Ba chóir don iarratasóir n/b (neamhbhainteach) a chur isteach sa chás gur cuí.

Cinntigh le do thoil go gceanglófar gach cáipéisíocht is gá le d'fhoirm iarratais.

Má theipeann ar dhuine an fhoirm seo a chomhlánú nó an cháipéisíocht riachtanach a cheangal léi, nó má chuirtear faisnéis mhícheart isteach nó má fhágtar faisnéis riachtanach amach, déanfar d'iarratas neamhbhailí dá bharr.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil a phlean forbartha féin ag an údarás pleanála, lena leagtar amach beartais agus cuspóirí maidir le forbraíocht áitiúil dá limistéar féin. D'fhéadfadh faisnéis fhorlíontach (.i. seachas an méid a iarrtar san fhoirm seo) a bheith ag teastáil ón údarás mar sin, chun cinneadh a dhéanamh cé acu an dtagann an t-iarratas leis an bplean forbartha agus d'fhéadfaidís é seo a iarraidh ar fhoirm iarratais fhorlíontach.

Ní dhéanfar d'iarratas pleanála neamhbhailí má theipeann ort an fhaisnéis fhorlíontach a sholáthar. Mura soláthrófar é, áfach, seans nach mbeidh an t-údarás pleanála in ann teacht ar chinneadh maidir le cibé an ndeonófar cead ar bhonn na faisnéise a bhíonn ar fáil dó. Mar sin, d'fhéadfaí moill a chur leis an gcinneadh maidir le hiarratas nó cead a dhiúltú dá bharr, má theipeann ar dhuine an fhaisnéis seo a sholáthar.

Dá bhrí sin, ba chóir d'iarratasóirí dul i dteagmháil leis an údarás pleanála cuí chun iad féin a chur ar an eolas faoi na beartaisí agus na cuspóirí áitiúla a bhaineann leis an bhforbairt atá beartaithe agus chun a fháil amach cé acu an mbeidh eolas breise riachtanach.

Tabhair faoi deara go bhfuil na polasaithe agus na cuspóirí a bhaineann le Cathair agus Contae Phort Láirge le fáil i bPleananna Forbartha Chathair Phort Láirge, Chomhairle Contae Phort Láirge, agus sna Pleananna Ceantair Áitiúla, agus in Athruithe do na Pleananna Forbartha. Tá na doiciméid seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag www.waterfordcouncil.ie. Ba chóir d'iarratasóirí iad féin a chur ar an eolas faoi riachtanais na bpleananna agus na bpolasaithe ábhartha sula gcuirtear an t-iarratas pleanála isteach.

Ba chóir iarratais phleanála a chur isteach go dtí Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, Rannóg Pleanála, Foirgneamh *Menapia*, An Meal, Port Láirge. Uaireanta oscailte poiblí 09:30r.n. - 1:00i.n. agus 2:00i.n.- 4:00i.n. (Luan go hAoine) seachas laethanta saoire poiblí. Teileafón 0761 102020, r-phost: *planning@waterfordcouncil.ie*

COSAINT SONRAÍ

Tá an próiseas pleanála oscailte agus poiblí. Sa chomhthéacs sin, cuirtear gach iarratas pleanála ar fáil don phobal chun scrúdú a dhéanamh air agus foilsíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge liostaí seachtainiúla d'iarratais phleanála a fhaigheann siad, chomh maith le liostaí seachtainiúla de chinntí pleanála. Cuirtear an fhaisnéis seo ar shuíomh gréasáin na Comhairle chomh maith.

Tá sé tugtha faoi deara againn go bhféadfadh sé tarlú go ndíreodh daoine san earnáil gnó a mbíonn ag plé le margaíocht dhíreach ar iarratasóirí ar chead pleanála de bharr foilsithe a gcuid iarratais ag údaráis phleanála. Mar fhreagra ar iarratas ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí, tá deis á tabhairt duit anois do rogha a léiriú maidir le margaíocht dhíreach a fháil ag éirí as iarratas pleanála a chur isteach.

Má tá tú sásta margaíocht dhíreach a fháil, cuir tic sa bhosca seo, led'thoil ☐

D'fhéadfadh margaíocht dhíreach teacht chugat tríd an bpost, ar an nguthán, de lámh nó trí phost leictreonach, cosúil le ríomhphost nó teachtaireacht téacs, san áit gur soláthraíodh na sonraí sin. Tá sé de fhreagracht ar na haonáin ar mhaith leo sonraí pearsanta ó liostaí agus cinntí iarratais phleanála a úsáid i gcóir sprioc dhíreach mhargaíochta, a bheith sásta gur féidir leo sin a dhéanamh, go dlisteanach faoi riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, ag cur san áireamh an rogha atá leagtha amach thuas.

COMHAIRLE CATHRACH & CONTAE PHORT LÁIRGE **AN tACHT UM PLEANÁIL & FORBAIRT 2000 (mar atá leasaithe)** Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge Waterford City & County Council **FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA**	**Rannóg Pleanála,** **Foirgneamh *Menapia*,** **An Meal,** **Port Láirge.** **Fón: 0761102020 Faics: 0761 099701** **R-phost: planning@waterfordcouncil.ie**

1. **COMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE PHORT LÁIRGE**

2. SUÍOMH NA FORBRAÍOCHTA ATÁ BEARTAITHE:	
*Seoladh Poist **nó** Baile Fearainn **nó** Suíomh (cibé ab fhearr leis an talamh nó struchtúr atá i gceist a aithint)*	
Uimh. Thag. Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis (agus an Tagairt Ghreille sa chás go bhfuil sé ar fáil)[1]	

3. SAGHAS CEAD PLEANÁLA ATÁ Á LORG (CUIR TIC SA BHOSCA CUÍ):

[ ] Cead

[ ] Cead le haghaidh coinneála

[ ] Cead Imlíneach

[ ] Cead De Thoradh Cead Imlíneach a Deonaíodh

4. SA CHÁS GUR CEAD PLEANÁLA ATÁ ANN A THÁINIG DE THORADH CEAD IMLÍNEACH A DEONAÍODH:

Uimhir Thagartha Chlár na gCeadanna Imlíneacha: _____

Dáta a Deonaíodh Cead Imlíneach: ____/____/____

5. IARRATASÓIR[2]:	
Ainm(neacha)	
	Sonraí teagmhála le tabhairt ag deireadh na foirme seo (Ceist: 24)

6. SA CHÁS GUR CUIDEACHTA É/Í AN tIARRATASÓIR (CLÁRAITHE FAOI ACHTANNA NA gCUIDEACHTAÍ):	
Ainm(neacha) stiúrthóir(í) na cuideachta	
Seoladh Cláraithe na cuideachta	
Uimh. Chláraithe na Cuideachta	

7. AINM AN DUINE/GHNÍOMHAIRE AG GNÍOMHÚ THAR CEANN AN IARRATASÓRA (MÁS AMHLAIDH GO BHFUIL):	
Ainm	
	Seoladh le tabhairt ag deireadh na foirme seo (Ceist 25)

8. **AINM AN DUINE ATÁ FREAGRACH AS LÍNÍOCHTAÍ AGUS PLEANANNA A ULLMHÚ[3]:**	
Ainm	
Gnólacht/Cuideachta	

9. **CUR SÍOS AR AN BHFORBRAÍOCHT ATÁ BEARTAITHE:**	
Cur síos ar thréithe agus ar fhairsinge na forbraíochta atá beartaithe[4]	

10. LEAS DLÍTHIÚIL AN IARRATASÓRA SA TALAMH NÓ STRUCHTÚR:		
Cuir tic sa bhosca cuí led' thoil. Sa chás gur 'Eile' atá i gceist do leas dlithiúil, tabhair a thuilleadh eolais ar do leas sa talamh nó sa struchtúr, le do thoil	***A.** Úinéir*	***B.** Áititheoir*
	***C.** Eile*	
Mura tusa an t-úinéir dlíthiúil,** tabhair ainm agus seoladh an úinéara le do thoil, agus **soláthair litir ón úinéir, ag toiliú leis an iarratas seo a dhéanamh mar atá liostaithe sa cháipéisíocht a théann leis.		
Más Úinéir tú, sonraigh cén uair a fuaireadh an talamh/struchtúr.		
Agus ó cén duine a fuaireadh é		

11. ACHAR AN LÁITHREÁIN:	
Achar an láithreáin lena mbaineann an t-iarratas i heicteáir:	……..ha

12. SA CHÁS GO mBAINEANN AN tIARRATAS LE FOIRGNEAMH NÓ FOIRGNIMH:	
Spás comhlán urlár[5] i m^2 d'aon fhoirgneamh/fhoirgnimh atá ann cheana féin	
Spás comhlán urlár[5] i m^2 dos na hoibreacha atá beartaithe	
Spás comhlán urlár[5] i m^2 dos na hoibreacha atá le coinneáil (más cuí)	
Spás comhlán urlár[5] i m^2 d'aon oibreacha atá le scartáil (más cuí)	

13. I gCÁS FORBRAÍOCHTA MEASCTHA (M.SH. FORBRAÍOCHT CHÓNAITHE, TRÁCHTÁLA, TIONSCAIL, SRL), SOLÁTHAR MIONDEALÚ AR NA hAICMÍ DIFRIÚLA FORBRAÍOCHTA, CHOMH MAITH LE MIONDEALÚ AR SPÁS COMHIOMLÁN URLÁR GACH AICME FORBRAÍOCHTA:

Aicme Forbraíochta	*Spás comhlán urlár i m^2*

14. I gCÁS FORBRAÍOCHTA CÓNAITHE, SOLÁTHAIR LE DO THOIL MIONDEALÚ MAR A LEANAS:

LIMISTÉIR THEAGHLAIGH/FHORBAIRT BHEAGA:

Cur Síos :	**Achar**	**Cur Síos :**	**Achar**	**Cur Síos :**	**Achar**	**Eile: (Sonraigh)**	**Achar**	**Eile: (Sonraigh)**	**Achar**
Teach	m^2	Leathnúchán:	m^2	Scioból:	m^2		m^2		m^2
Garáiste:	m^2	Árasán:	m^2	Athrú Úsáide:	m^2		m^2		m^2

LIMISTÉIR EASTÁIT TITHÍOCHTA:

Cinéal Tí	**Cineál A**	**Cineál B**	**Cineál C**	**Cineál D**	**Cineál E**	**Cineál ___**	**Cineál ___**	**Cineál ___**	**Cineál ___**
Achar	m^2	m^2	m^2	m^2	m^2	m^2	m^2	m^2	m^2
Líon									

LIMISTÉIR ÁRASÁIN:

Cineál Árasáin	**Cineál A**	**Cineál B**	**Cineál C**	**Cineál D**	**Cineál E**	**Cineál ___**	**Cineál ___**	**Cineál ___**	**Cineál ___**
Achar	m^2	m^2	m^2	m^2	m^2	m^2	m^2	m^2	m^2
Líon									

Líon na spás páirceála gluaisteán atá le soláthar: Ann cheana féin: _____ Beartaithe : _____ Iomlán: _____
Is ceart sceideal limistéar faoi leith a chur faoi bhráid d'fhorbairtí mhóra.

15. SA CHÁS GO dTAGRAÍONN AN tIARRATAS D'ÁTHRÚ ÁBHARTHA ÚSÁIDE AON TALAMH NÓ STRUCHTÚR, NÓ D'ATHRÚ ÁBHARTHA ÚSÁIDE DEN SÓRT SIN A CHOINNEÁIL:	
Úsáid atá ann cheana féin[6] *(nó úsáid roimhe sin sa chás go bhfuil cead coinneála á lorg)*	
Úsáid atá beartaithe (nó úsáid a bhfuil sé beartaithe í a choinneáil)	
Tréithe agus fairsinge aon úsáid den tsórt sin atá beartaithe (nó úsáid a bhfuil sé beartaithe í a choinneáil)	

16. TITHÍOCHT SHÓISIALTA AGUS INACMHAINNE:		
Cuir tic sa bhosca cuí	***Is Ea***	***Ní hea***
An é atá san iarratas ná iarratas ar chead le haghaidh forbraíochta a mbaineann Cuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe) leis?[7]		
Más 'is ea' an freagra ar an gceist thuas agus mura bhfuil an fhorbraíocht díolmhaithe (féach thíos), ní mór duit a shonrú, mar chuid de d'iarratas, an bealach a bhfuil sé i gceist agat alt 96 de Chuid V den Acht (arna leasú) a chomhlíonadh, san áireamh, mar shampla, (i) sonraí d'aon chuid/chodanna den talamh atá faoi réir ag an iarratas i gcomhair cheada, nó atá sonraithe sa chomhaontú Chuid V, nó tithe atá lonnaithe ar a leithéad de thalamh thuasluaite nó in aon áit eile i limistéar feidhme an údaráis phleanála, a bhfuil sé i gceist iad a aistriú anonn go dtí an údarás pleanála, nó sonraí de thithe atá lonnaithe ar a leithéad de thalamh thuasluaite nó in aon áit eile i limistéar feidhme an údaráis phleanála, a bhfuil sé i gceist iad a		

ligeant ar léas go dtí an údarás pleanála, nó sonraí d'aon chomhcheangal den méid roimhe seo, agus (ii) sonraí des na ríomhaireachtaí agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun luachanna talún, costais láithreáin, costais ghnáth-thógáil agus fhorbartha, chomh maith leis an brabús ar na costais sin, agus costais eile ghaolmhara, ar nós sciar cuí d'aon oibreacha forbartha comónta atá ag teastáil chun cloí le forálacha Chuid V den Acht (arna leasú). Muna gcuirtear tairiscint Cuid V isteach leis an iarratas seo beidh d'iarratas neamhbhailí. Más 'is ea' an freagra ar an gceist thuas, ach measann tú go bhfuil an fhorbraíocht díolmhaithe de bhua alt 97 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000[8] (arna leasú)caithfear cóip den Deimhniú Díolúine faoi alt 97 a chur isteach (nó, sa chás go bhfuil iarratas ar dheimhniú díolúine déanta ach nach bhfuil cinneadh déanta ina leith go fóill, ba chóir cóip den iarratas a chur isteach).		
Más 'ní hea" an freagra ar an gceist thuas de bhua alt 96(13) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000[9] (arna leasú) ba chóir mionsonraí lena dtabharfar le fios an bonn ar a measter go mbaineann alt 96(13) leis an bhforbraíocht a chur isteach.		

17. MIONSONRAÍ NA FORBRAÍOCHTA:

Cuir tic sa bhosca cuí	***Is ea***	***Ní hea***
An éard atá i gceist leis an bhforbraíocht atá beartaithe ná obair ar struchtúr atá faoi chosaint agus/nó ar a chúirtealáiste nó ar struchtúr atá beartaithe le cur faoi chosaint agus/nó ar a chúirtealáiste?		
An éard atá i gceist leis an bhforbraíocht atá beartaithe ná obair ar thaobh lasmuigh de struchtúr atá lonnaithe laistigh de limstéar caomhantais ailtireachta (ACA)?		
An raibh an struchtúr san áireamh i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) de chuid Chontae Phort Láirge? Os rud é go raibh, cuir an Chláruimhir ar fáil. Muna bhfuil tú cinnte, déan teagmháil le hOifigeach Chaomhnaithe Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.		
An mbaineann an t-iarratas le forbraíocht a dhéanann difear do nó atá gar do shéadchomhartha nó áit atá taifeadta faoi alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994[10]		
An gá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT)[11] *a ullmhú don fhorbraíocht atá beartaithe?*		
An mbaineann an t-iarratas le hobair laistigh de nó gar do Láithreán Eorpach (faoi S.I. Uimh. 94 de 1997) nó Limistéar Oidhreachta Nádúrtha? Más gá Ráiteas Tionchair Natura a chur isteach leis an iarratas seo, ní mór duit deich gcóip chrua agus cóip leictreonach amháin a chur ar fáil.		
An mbaineann an t-iarratas le forbraíocht arb éard atá i gceist léi nó atá chun críocha gníomhaíochta dá bhfuil ceadúnas um cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú ag teastáil chuige?		
An mbaineann an t-iarratas le forbraíocht arb éard atá i gceist léi nó atá chun críocha gníomhaíochta dá bhfuil ceadúnas dramhaíola ag teastáil		

chuige?		
An mbaineann na Rialacháin maidir le Mórthimpistí leis an bhforbraíocht atá beartaithe?		
An mbaineann an t-iarratas le forbraíocht i gCrios Forbartha Straitéiseach?		
An ndéanfar aon struchtúr a scartáil mar chuid den fhorbraíocht atá beartaithe?		
An gá Measúnú Iompair a dhéanamh don bhforbraíocht atá beartaithe, de réir na tairsí atá leagtha amach sna Treoirlínte do Bhainistíocht Tráchta eisithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil?		

An bhfuil an láithreán laistigh de Limistéar Oidhreachta nádúrtha, Limistéar Caomhantais Speisialta nó Limistéar faoi Chosaint Speisialta d'éin? *Más "IS EA" do fhreagra, iarrtar ort measúnú d'éifeacht éiceolaíochta na forbraíochta atá beartaithe a chur faoi bhráid le do thoil.*		
An bhfuil baol ann go ndéanfar damáiste do, nó go gcuirfear isteach ar na speicis liostáilte in Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga? (Liosta ar fáil ar www.npws.ie). Más "IS EA", is ceart Ceadúnas Maolaithe a chur faoi bhráid le d'iarratas.		

18.STAIR AN LÁITHREÁIN

Sonraí faoi stair an láithreáin (más eol duit)

An raibh an láithreán atá i gceist riamh, go bhfios duit, faoi thuille?

Bhí [ ] Ní raibh [ ]

Má bhí, tabhair mionsonraí m.sh. bliain, a mhéid is a bhí sé faoi thuille.

An eol duit úsáideanna a baineadh as an láithreán roimhe seo m.sh. dumpáil, cairéalú?

Is eol [ ] Ní heol [ ]

Más eol, tabhair mionsonraí le do thoil.

An eol duit an ndearnadh aon iarratais phleanála bhailí roimhe seo i leith na talún/struchtúir seo?

Is eol [ ] Ní heol [ ]

Más eol, luaigh an uimhir/na huimhreacha tagartha pleanála agus an dáta/na dátaí go bhfuair an t-údarás pleanála an t-iarratas/na hiarratais phleanála más eol duit sin:

Uimhir Thag.:_____Dáta:_____

Os rud é gur rinneadh iarratas pleanála bailí i leith na talún nó an struchtúir seo sna 6 mhí sula gcuirtear an t-

iarratas seo isteach, ní mór don fhógra láithreáin a bheith ar chúlra buí de réir Airteagal 19(4) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, faoi mar a leasaíodh iad.
An bhfuil an láithreán ar a bhfuil an fhorbraíocht beartaithe ina ábhar achomhairc reatha don Bhord Pleanála i leith forbraíochta cosúil léi?[13]?
Tá [ ] Níl [ ] *Uimh. Thag. an Bhoird Phleanála:* _____

19. COMHAIRLIÚCHÁN RÉAMHIARRATAIS:

Ar tharla comhairliúchán réamhiarratais i ndáil leis an bhforbraíocht atá beartaithe [14]?

Tharla [ ] Níor tharla [ ]

Os rud é gur tharla, tabhair mionsonraí mar a leanas:

Uimh Thag. (más ann dó): _____

Dáta(í) comhairliúcháin:____/____/____

Daoine rannpháirteacha:_____

_____

Cuir cóip den Taifead Réamhiarratais leis seo led' thoil.

20. SEIRBHÍSÍ:

Foinse Soláthair Uisce atá Beartaithe

Ceangal atá ann cheana féin [ ] Ceangal nua [ ]

_____

Príomhphíobáin Uisce Poiblí [ ] Grúpscéim Uisce [ ] Tobar Príobháideach [ ]

Eile (sonraigh led' thoil): _____

Ainm na Grúpscéime Uisce (más cuí) _____

Bainistíocht/Cóireáil Fhuíolluisce atá Beartaithe

Ann Cheana Féin [ ] Nua [ ]

_____

Séarach Poiblí [ ] Gnáthchóras dabhach shéarachais [ ]

Córas cóireála eile ar an láithreán [ ] Sonraigh led' thoil _____

Bealach atá Beartaithe le Fáil Réidh le hUisce ar an Dromchla

Séarach/Draein Poiblí [ ] Clais Súite [ ]

Sruthchúrsa [ ] Eile [ ] Sonraigh, led' thoil _____

21. SONRAÍ AN FHÓGRA PHOIBLÍ:	
Nuachtán faofa[15] inar foilsíodh an fógra	
Dáta foilsiúcháin *NÓTA: Tá liosta na nuachtán faofa ar fáil leis an bpacáiste pleanála seo.*	
Dáta ar cuireadh an fógra láithreáin suas ar an láithreán. Caithfidh an dáta seo a bheith comhfhreagrach leis an dáta ar an bhfógra láithreáin.	
NÓTA : Níl cead an fógra láithreáin a chur in airde níos mó ná coicís sula ndéantar an t-iarratas ag lorg cead pleanála agus coimeádfar in airde é ar feadh tréimhse 5 sheachtaine ón dáta a fhaigheann an t-údarás pleanála an t-iarratas pleanála agus caithfear é a athnuachan nó fógra eile a chur ina áit os rud é go mbainfear anuas é nó os rud é go n-éiríonn sé doléite le linn na tréimhse sin. **Caithfí an fógra a bhaint anuas tar éis forógra a fháil faoi chinneadh an údaráis phleanála.**	

22. TÁILLE IARRATAIS:	
Táille Iníoctha	
Bonn ar a Ríomhadh an táille	

Saghas forbartha atá i gceist	Achar comhlán urlár i m²	Táille Iníoctha

23. DEARBHÚ:	
Dearbhaím leis seo, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil an fhaisnéis a tugadh san fhoirm seo ceart agus cruinn agus go gcomhlíonann sé an Acht um Pleanáil & Forbairt 2000 go hiomlán, faoi mar a leasaíodh, agus na Rialacháin arna ndéanamh faoi:	
Sínithe (1) (Iarratasóir nó Gníomhaire de réir mar is cuí)	
Sínithe (2) (Iarratasóir nó Gníomhaire de réir mar is cuí)	
Dáta	

NÓTA: Sa chás go bhfuil síniú an Ghníomhaire ceangailte leis seo, caithfí litir ón iarratasóir a chur leis seo, a thugann údarás don ghníomhaire an fhoirm iarratais a shíniú.

Ní bheidh iarratasóir i dteideal an fhorbraíocht a dhéanamh díreach mar gheall ar chead pleanála agus mar gheall air sin amháin. Féadfaidh toilithe eile a bheith ag teastáil ón iarratasóir, ag brath ar an gcineál forbraíocht. Mar shampla, caithfidh gach foirgneamh nua, síneadh agus athrú orthu, agus athruithe áirithe ar úsáid fhoirgneamh atá ann cheana féin, Rialacháin Tógala a chomhlíonadh, lena leagtar amach buncheanglais dearthóireachta agus tógála.

D'FHÉADFAÍ DUINE A THUGANN FAISNÉIS BHRÉAGACH A IONCHÚISEAMH.

TABHAIR FAOI DEARA: CAITHFEAR AN FHOIRM FHORLÍONTACH A LÍONADH ISTEACH AGUS A CHUR FAOI BHRÁID LEIS AN bhFOIRM SEO OS RUD É GO mBAINEANN AN tIARRATAS LE hÁITREAMH/LE hÁITRIMH I LIMISTÉIR THUAITHE. NÍ GÁ AN FHOIRM FHORLÍONTACH A ÚSÁID D'FHORLEATHNUITHE NÓ D'EASTÁIT TITHÍOCHTA. NÁ DÉAN DEARMAD BILEOG NA SONRAÍ TEAGMHÁLA AR AN LEATHANACH THALL A LÍONADH ISTEACH.

Ní foláir d'iarratais **d'Fhorbraíochtaí Talmhaíochta** agus **d'Fhorbraíochtaí Tionsclaíocha**, foirmeacha breise ábhartha a chur faoi bhráid (tá siad seo ar fáil ar shuíomh idirlíon Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge nó ón Rannóg Pleanála) leis an iarratas seo.

SONRAÍ TEAGMHÁLA -NÍ LE FOILSIÚ

24. SEOLADH/SONRAÍ TEAGMHÁLA AN IARRATASÓRA:	
Seoladh	
Seoladh r-phoist	
Uimhir Ghutháin (roghnach)	

25. SEOLADH/SONRAÍ TEAGMHÁLA AN GHNÍOMHAIRE (MÁS ANN):	
Seoladh	
Seoladh r-phoist	
Uimhir Ghutháin (roghnach)	
Ar chóir gach comhfhreagras a sheoladh chuig seoladh an ghníomhaire? (más cuí) Cuir tic sa bhosca cuí. (Tabhair faoi deara le do thoil más é 'Níor chóir' an fhreagra, seolfar gach comhfhreagras chuig seoladh an Iarratasóra) **Ba chóir** [ ] **Níor chóir** [ ]	

26. DUINE ATÁ FREAGRACH AS LÍNÍOCHTAÍ AGUS PLEANANNA A ULLMHÚ:
(más é seo an duine céanna is atá luaite i gceist 25 thuas, chuir "Mar an gcéanna le Ceist 25" anseo)

Seoladh	
Uimhir Ghutháin	
Seoladh r-phoist	

NÍ MÓR SEOLADH TEAGMHÁLA A THABHAIRT, CIBÉ ACU SIN AN IARRATASÓIR NÓ AN GNÍOMHAIRE.

Nótaí don Iarratasóir

- **NÍ MÓR gach ceist ar an bhfoirm seo a chomhlánú i comhthéacs leis an mhéid a bhaineann siad le do thogra ar leith. Mura ndéantar é seo beidh d'iarratas neamhbhailí.**

- **Ní bheidh an t-iarratasóir i dteideal an fhorbraíocht a dhéanamh díreach mar gheall ar chead pleanála agus mar gheall air sin amháin. Féadfaidh toilithe eile a bheith ag teastáil ón iarratasóir, ag brath ar an gcineál forbraíocht. Mar shampla, caithfidh gach foirgneamh nua, síneadh agus athrú orthu, agus athruithe áirithe ar úsáid fhoirgneamh atá ann cheana féin, Rialacháin Tógala a chomhlíonadh, lena leagtar amach buncheanglais dearthóireachta agus tógála.**

- **Tabhair faoi deara de réir Alt 251 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000:-**

"I gcás ina ndéanfar aon tréimhse chuí nó aon teorainn ama eile dá dtagraítear san Acht seo nó in aon rialacháin a dhéanfar faoin Acht seo a ríomh**, tabharfar neamhaird ar an tréimhse idir an 24ú lá de Nollaig agus an chéad lá d'Eanáir, agus an dá lá sin san áireamh**." (Ní bhaineann sé seo le cursaí a bhaineann le Plean Forbartha)

Tabhair faoi deara, le do thoil, mura bhfuil an cháipéisíocht chuí curtha isteach, go measfar d'iarratas a bheith neamhbhailí.

Ba chóir na doiciméidí seo a leanas a bheith in éineacht leis an fhoirm seo:

<u>GACH</u> Iarratas Pleanála

- ❑ Leathanach ábhartha an nuachtáin ina bhfuil fógra faoi d'iarratas
- ❑ Cóip d'fhógra an láithreáin
- ❑ 6 chóip de léarscáil shuíomh an láithreáin[16]
- ❑ 6 chóip de phlean an tsuímh nó a leagan amach[16+17]
- ❑ 6 chóip de phleananna agus de shonraí eile a bheidh ag teastáil chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha lena mbaineann an fhorbraíocht (lena n-áirítear líníochtaí mionsonraithe de phleananna urláir, ingearchlónna agus gearrthacha – seachas i gcás ceada imlínigh)
- ❑ Sceideal Pleananna/Líníochtaí á gcur isteach
- ❑ An Táille Pleanála cuí

Sa chás nach é an t-iarratasóir úinéir dlíthiúil na talún nó an struchtúir atá i gceist:

- ❑ Toiliú scríofa an úinéara leis an iarratas a dhéanamh [18]

Sa chás gurb iarratas le haghaidh forbraíochta cónaithe é an t-iarratas atá faoi réir Chuid V d'Acht 2000:

- ❑ Sonraíocht ar an mbealach a bhfuil sé beartaithe alt 96 de Chuid V a chomhlíonadh, mar shampla,
  - (i) sonraí d'aon chuid/chodanna den talamh atá faoi réir ag an iarratas i gcomhair cheada, nó atá sonraithe sa chomhaontú Chuid V, nó tithe atá lonnaithe ar a leithéad de thalamh thuasluaite nó in aon áit eile i limistéar feidhme an údaráis phleanála, a bhfuil sé i gceist iad a aistriú anonn go dtí an údarás pleanála, nó sonraí de thithe atá lonnaithe ar a leithéad de thalamh thuasluaite nó in aon áit eile i limistéar feidhme an údaráis phleanála, a bhfuil sé i gceist iad a ligeant ar léas go dtí an údarás pleanála, nó sonraí d'aon chomhcheangal den méid roimhe seo, agus
  - (ii) sonraí des na ríomhaireachtaí agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun luachanna talún, costais láithreáin, costais ghnáth-thógáil agus fhorbartha, chomh maith leis an brabús ar na costais sin, agus costais eile ghaolmhara, ar nós sciar cuí d'aon oibreacha forbartha comónta atá ag teastáil chun cloí le forálacha Chuid V den Acht (arna leasú).

Nó

- ❑ Deimhniú díolúine ó cheanglais Chuid V

Nó

- ❑ Cóip den iarratas a cuireadh isteach le haghaidh deimhnithe díolúine

Sa chás gurb iarratas le haghaidh forbraíochta cónaithe é an t-iarratas nach bhfuil faoi réir Chuid V d'Acht 2000 de bhua alt 96(13) den Acht:

- ❑ Faisnéis lena leagfar amach an bonn ar a meastar go mbaineann alt 96(13) leis an bhforbraíocht.

Sa chás go bhfuiltear le fáil réidh le fuíolluisce don fhorbraíocht atá beartaithe ar bhealach eile seachas trí shéarach poiblí:

- ❑ Fáisnéis ar an gcóras cóireála ar an láithreán atá beartaithe.
- ❑ Measúnú ar Oiriúnacht an Láithreán don chóras atá beartaithe.
- ❑ 2 chóip d'Fhadghearradh lena n-áirítear an t-áitreabh, an t-aonad cóireála agus an limistéar síothlaithe.
- ❑ 2 chóip d'Fhoirm Tréithrithe Láithreáin de réir riachtanais chóid chleachtais an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Sa chás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr faoi chosaint / struchtúr atá beartaithe le cur faoi chosaint / nó leis an taobh seachtrach de struchtúr atá suite laistigh de limistéar caomhnaithe ailtitreachta (LCA):

- ❑ Grianghrafanna, pleananna agus sonraí eile a bheidh riachtanach lena thaispeáint conas a chuirfeadh an fhorbraíocht isteach ar charachtar an struchtúir.

Iarratais a thagraíonn d'athrú ábhartha ar úsáid nó d'athrú ábhartha ar úsáid den tsórt sin a choimeád:

- ❑ Pleananna (lena n-áirítear plean suímh nó leagan amach agus líníochtaí pleananna urláir, ingearchlónna agus gearrthacha a chomhlíonann ceanglais Airteagal 23) agus sonraí eile a bheadh ag teastáil chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha atá beartaithe.

Sa chás go mbíonn Ráiteas Tionchair Timpeallachta riachtanach i gcomhair iarratais:

- ❑ 10 gcóip den Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus cóip amháin leictreonach

Sa chás go mbíonn Measúnú Iompair/Tráchta riachtanach i gcomhair fhorbairt atá beartaithe , de réir na dtairseach atá leagtha amach sna Treoirlínte um Bainistíocht Tráchta a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil, an Roinn Iompair agus Oifig Iompair Átha Cliath:

- ❑ Measúnú Iompair/Tráchta

Iarratais atá díolmhaithe ó tháillí pleanála:

- ❑ Cruthúnas incháilitheachta le haghaidh díolúine[19]

Treoracha maidir leis an bhfoirm seo a chomhlánú

1. Tagairt ghreille ó thaobh Thrasteilgean Mercator na hÉireann.

2. Ciallaíonn "an t-iarratastóir" an duine a bhfuil an cead pleanála á lorg aige/aici, ní gníomhaire atá ag gníomhú thar a c(h)eann.

3. Sa chás go bhfuil na pleananna curtha le chéile ag gnólacht/cuideachta, ba chóir ainm an duine atá freagrach go príomha as na líníochtaí agus pleananna a ullmhú, thar ceann na gnólachta/cuideachta sin, a thabhairt.

4. Cur síos gairid ar thréithe agus fhairsinge na forbraíochta, lena n-áirítear tagairt do líon agus airde na bhfoirgneamh, struchtúr faoi chosaint, srl.

5. Ciallaíonn spás comhlán urlár an t-achar arna dhéanamh amach de réir thomhas inmheánach spás an urláir ar gach urlár d'fhoirgneamh; .i. caithfear achair na n-urlár a thomhas ón taobh istigh den bhalla seachtrach.

6. Sa chás gur 'neamhshealbhaithe' an úsáid faoi láthair, luaigh le do thoil an úsáid údaraithe is déanaí a baineadh as an talamh nó struchtúr.

7. Baineann Cuid V den um Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 leis sa chás –

    - go bhfuil an talamh criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe nó le haghaidh meascáin d'úsáideanna cónaithe agus úsáideanna eile;

    - go bhfuil cuspóir sa Phlean Forbartha don limistéar go gcuirfí céatadán den talamh ar fáil le haghaidh tithíochta sóisialta agus/nó inacmhainne; agus

    - nach bhfuil an fhorbraíocht atá beartaithe díolmhaithe ó Chuid V.

8. Faoi alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, d'fhéadfadh iarratais a bhfuil forbraíocht 9 teach nó níos lú nó forbraíocht ar thalamh is lú ná 0.1 heicteár i gceist leo, a bheith díolmhaithe ó Chuid V.

9. Faoi alt 96(13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ní bhaineann Cuid V le forbraíochtaí áirithe tithíochta ag comhlachtaí tithíochta deonaí faofa, le hathchóiriúcháin áirithe, le hoibreacha a dhéantar ar theach atá ann cheana féin nó le forbairt tithe faoi chomhaontú arna dhéanamh faoi alt 96 den Acht.

10. Bíonn Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna, faoi alt 12 d'Acht Leasaithe na Séadchomharthaí Náisiúnta 1994, ar fáil, le haghaidh gach contae, sna húdaráis áitiúla agus leabharlanna poiblí sa chontae sin. Tabhair faoi deara chomh maith, le do thoil, má chuireann an fhorbraíocht atá beartaithe isteach ar, nó má tá sé gar do shéadchomhartha náisiúnta atá, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go dtí 2004, faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nó údaráis áitiúil, nó atá ina ábhar ordaithe buanchoimeádta nó ordaithe buanchoimeádta sealadaigh, tá toiliú reachtúil ar leithligh ag teastáil, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Le haghaidh faisnéise maidir le cibé an bhfuil séadchomharthaí náisiúnta faoi úinéireacht nó chaomhnóireacht an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nó údaráis áitiúil, nó ina n-ábhar orduithe buanchoimeádta, téigh i dteagmháil le Rannán na Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

11. Tá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) riachtanach le dul le hiarratas pleanála d'fhorbairt d'aicme atá leagtha amach i Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2011 atá níos mó ná teorainn, cainníocht nó tairseach atá socraithe don aicme forbartha áirithe sin. Beidh RTT ag teastáil freisin ag an údarás pleanála maidir le forbairt fho-thairseach i gcás ina measann an t-údarás gur dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an fhorbairt ar an gcomhshaol (Airteagal 103).

12. Tá gá le measúnú cuí den bhforbairt atá beartaithe i gcásanna nuair nach féidir é a chur as an áireamh go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe ar láithreán Eorpach. Tá sé mar fhreagracht ar

an údarás pleanála cinneadh a dhéanamh de réir measúnú cuí ar fhorbairtí atá beartaithe, agus nuair a chinnfidh an t-údarás go bhfuil gá le measúnú iomchuí, cuirfidh an t-údarás, de ghnáth, ceangal ar an iarratasóir Ráiteas Tionchar Natura (NIS) a chur isteach. Sa chás go measann an t-iarratasóir gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe ar láithreán Eorpach, tá sé de rogha aige/aici, NIS a chur isteach leis an iarratas pleanála.

13. Caithfear cinneadh a bheith déanta i leith an achomhairc nó é a bheith tarraingte siar sular bhféadfar iarratas eile cosúil leis a dhéanamh.

14. Ní fhéadfaidh comhairliúchán foirmiúil réamhiarratais tarlú ach amháin faoi Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Moltar d'iarratasóirí go ndéantar comhairliúchán réamhphleanála. I gcás forbraíochta cónaithe lena mbaineann Cuid V d'Acht 2000, comhairlítear d'iarratasóirí leas a bhaint as an áis chomhairliúcháin réamhiarratais lena chinntiú gur féidir comhaontú Chuid V i bprionsabal a bhaint amach sula gcuirfear an t-iarratas pleanála isteach.

15. Bíonn liosta na nuachtán faofa, chun críocha fógra a thabhairt faoi rún iarratas pleanála a dhéanamh, ar fáil ón údarás pleanála faoina mbeidh an t-iarratas le cur faoi bhráid.

16. Ba chóir go mbeadh gach plean, líníocht agus léarscáil dá gcuirtear faoi bhráid an údaráis phleanála de réir riachtanais na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2013.

17. Ba chóir suímh fhógra(í) an láithreáin a thaispeáint ar léarscáil shuíomh an láithreáin.

18. Ba cheart don iarratasóir/ghníomhaire an t-úinéir a chur ar an eolas go bhfuil an litir le cur ar an gcomhad pleanála poiblí agus go bhféadfaí í a chur ar shuíomh idirlín an údaráis phleanála, sa chás gurb é seo polasaí an údaráis phleanála.

19. Féach Sceideal 9 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. Má thairgtear táille laghdaithe, ba chóir mionsonraí ar íocaíochtaí agus cheadanna pleanála ábhartha roimhe sin a thabhairt. Má táthar ag éilimh díolúine ó íocaíocht táillí faoi Airteagal 157 de Rialacháin 2001, ba chóir fianaise le hincháilitheacht le haghaidh díolúine a chruthú, a chur isteach.